(Urban Life)

AN SAOL I RÉ

VICTORIA

TITHÍOCHT CHATHRACH

CLÁR ÁBHAR

		Leathanach
A	Ag ullmhú dod chuairt ar an Mhusaem	1
B	An chuairt ar an Mhusaem	7
C	Tar éis do chuairte	10

Cuideoidh na gníomhaíochtaí sa leabhrán seo le téama lárnach "Nádúr an tSaoil Tuaithe I Ré Victoria" a léiriú. Is ceann de shraith ghníomhaíochtaí gur féidir a úsáid mar chuid den KS2 Aonad Staidéir Staire "An Saol i Ré Victoria".

A Ullmhúchán dod chuairt ar an Mhusaem

Roinn do rang I ngrúpaí de thimpeall ar sheisear.

Fótachóipeáil tacair na bhfoinse seo leanas agus greille do ghach grúpa. (B'fhéidir gur mhaith leat an ghreille a mhéadú go A3.)

Scar na foinsí agus cuir gach tacar i gclúdach. Tabhair clúdach amháin do ghach grúpa páistí.

Ba cheart do ghach grúpa:

(a) Duine amháin a cheapadh leis an eolas a scríobh síos.

(b) Na foinsí a roinnt ar na baill eile den ghrúpa.

(c) Staidéar cúramach a dhéanamh ar na foinsí agus ansin an ghreille a líonadh de réir na bhfoinsí.

(Is féidir go bhféadfaí cuid de na bocsanna a fhágáil folamh agus is leor freagraí aon fhocail amháin.)

N.B. Aithníonn muid gur féidir le cuid den ábhar seo a bheith ródhoiligh dod rang. Más mar sin é, athraigh é I gcibé dóigh gur fearr leat féin. B'fhéidir gur mhaith leat é a thaifeadadh ar chaiséad mar ábhar éisteachta don rang.

FOINSÍ – SAOL CATHRACH

Foinse 1

I bhfurmhór mór na dtithe is boichte sa bhaile mór seo tá ceithre sheomra in éagsúlacht méid ó 7 go 10 troigh chearnach ar dhá leibhéal. Dhá chlann a bhíonn iontu de ghnáth….is eol dúinn oiread is ochtar déag nó fiche duine ina gcodladh ina leithéid de chúngach….Is feasach dúinn úinéirí bochta tithe aíochta trí leaba a bhrú isteach i seomra amháin agus triúr i ngach leaba!

Dr. A. Malcolm c.1850

Foinse 2

Le beagán eisceacht, tá na tithe tógtha go h-ainnis, le cuid mhór acu níl iontu ach linte dúbalta buailte le chéile (i.e. cúl ar chúl), ionas go gcaithfidh an lucht cónaithe, d'uireasa draenacha nó séaraigh cerat….a gcuid láibe, dramhaíola, srl. A chaitheamh os comhair an dorais….Bíonn dromchla iomlán an cheantair seo de shíor i staid brocach, salach is measa ar bith, clúdaithe go tiubh le carnáin aoiligh agus gach cineál eile salachair….agus nuair a thiteann an bháisteach, a ghabhann síos sa talamh, agus mar sin isteach sna toibreacha agus fuaráin féin.

Dr.A. Malcolm c. 1850

Foinse 3

Baile a bhí againn ar ndóiche, ní h-amháin teach cónaithe. Teach fairsing, aerach, grianmhar a bhí ann, gan a bheith mór go leor do sheomraí breise,

ach le spás do gach duine agus gach rud, neart clóiséid, priosanna agus stórais ionas go raibh ord ar ghach rud….Ní raibh siléir nó 'fó-thalamh' ar bith againn áit a gcoinnítí na searbhóntaí as radharc. Bhí ár gcistineacha croíúil aerach le priosanna móra adhmaid ina gcuirtí achan saghas stórais, agus bhí ár ndéirí I gcónaí lán go maith le prócaí uachtair agus pannaí móra bainne úr milis.

Codlaíodh ár dtuismitheoirí, ár ndeirfiúracha agus na buachaillí go léir i seomraí ón halla. Bhí seomra beag suite breá ag na cailíní níos sine da gcuid féin anseo, lán de leabhair agus líníochtaí an cheana, agus bhí piano ann, áit a sheinneadh agus a chanadh Cecilia agus Caroline ag seinm seanfhoinn Éireannacha ar an chláirseach.

Thuas rith eile staighre bhí ár naíolann áit a mbíodh sugradh agus pléaráca againn dár sásamh.

Letitia Charley, rugadh 1841

Foinse 4

I dtithe na hísealaicme….bíonn seomraí beaga le h-urláir cré…gan dóthain fuinneog agus saiseanna do-bhogtha, ró-choitianta le tagairt a dhéanamh dóibh.

Gheibheann suas le 50,000 duine a gcuid uisce ó 24 fuarán poiblí agus ó chaidéil agus caranna uisce. Ní bheadh d'acmhainn ag an bhocht íoc as soláthar píopa fiú dá rachadh sé thar an doras. Maidir le córa leithrise – measaim go gcaitheann suas le 50,000 duine a saol gan fiú 'cóiríocht éigeantach' (leithris tirm).

Dr. A. Malcolm c. 1850

Foinse 5

Tá an-droch chóir agus ainriocht ar na tithe agus tá easpa iomlán séarachais san áit. Síneann loch mór uisce marbh, measctha le achan cineál bruscair, ar aghaidh an tí ar fad ag déanamh bréanlaigh samhnasaigh ann.

Rev. W. O'Hanlon c. 1850

Foinse 6

[Bailiúchán Green, U.F.T.M.]

Foinse 7

[Bailiúchán Green, U.F.T.M.]

Foinse 8

(Le cead, Musaem Uladh)

Foinse 9

Leithreas Comhchoiteann [leithreas tirm] do na tithe seo [Le cead, Musaem Uladh]

Foinse 10

[Le cead, Musaem Uladh]

Tithíocht Chathrach – Fianaise ó Fhoinsí

	1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
Is minic a bhí tithe Victeoiriacha plódaithe agus bhí caighdeáin maireachtála mifholláin.										
Ní raibh leithris nó soláthar uisce istigh ag roinnt tithe Victeoiriacha										
Ní raibh clóis nó gairdíní cúil ag roinnt tithe Victeoiriacha										
Bhí neart spáis ag cuid de na tithe Victeoiriacha agus bhí siad geal aerach										

EOCHAIR

Tá fianaise san fhoinse ag tacú leis an ráiteas seo ✓

Tá fianaise san fhoinse ag bhréagnaíonn an ráiteas seo **X**

Níl fianaise ar bith san fhoinse ar an abhar seo **O**

B An Chuairt ar an Mhusaem

Roimh do chuairte, cuir glaoch teileafóin ar an Roinn Oideachais ag an Mhusaem (Béal Feirste 428428) roimh ré agus cuir in iúl dóibh na tithe a bheidh sibh da gcuartaíocht.

Déan cóipeanna den ghreille seo leanas agus tabhair cóip do ghach grúpa le bord fáiscín.

Ba cheart do ghach grúpa cuairt a thabhairt ar an thrí theach seo

Lána an Tae (Uimhir 3-4 ar an léarscáil)

Sráid na Dála (Uimhir 6-9 ar an léarscáil)

Teach Bainc Phort Chluain Eoghain (Uimhir 12-13 ar an léarscáil)

agus an ghreille a líonadh ag baint fianaise ó na tithe féin agus a bhfuil iontu.

N.B. Ba cheart do na grúpaí tosaigh leo ag tithe difriúla, más féidir, mar tá na tithe luaithe measartha beag.

FIANAISE Ó FHOIRGNIMH – TITHE CATHRACHA

Scrúdaigh an fhianaise. Is leor focal amháin mar fhreagra de ghnáth.
Munar féidir leat fianaise a fháil le ceist a fhreagairt fág an bocsa glan.
Is féidir le níos mó ná freagra amháin a bheith ar cheisteanna éigin.

	Sráid na Dala	**Lana an Tae**	**Teach Bainc Phort Chluain Eoghain**
1. Cá mhéad seomra atá sa teach seo?			
2. Cad as a bhfuil an t-urlár déanta?			
3. An bhfuil soláthar uisce sa teach?			
4. Cén solas atá ann?			
5. Cad air a rinneadh an chócaireacht?			
6. Cá h-áit a bheadh folcadh ag muintir an ti?			
7. An bhfuil leithreas sa teach seo?			
8. Má tá leithreas ann cá bhfuil sé?			
9. Bhí sé coitiana clanna 6 nó 7 duine a bheithe ina gcónaí sna tithe seo. An raibh leapacha dóibh uilig?			

	Sráid na Dála	Lána an Tae	Teach Bainc Phort Chluain Eoghain
10. An raibh airgead le caitheamh ag an chlann sa teach seoar bhreis agus bunriachtanais an tsaoil?			
11. Liostaigh fianaise ar bith ar féidir leat a fháil má fhreagair tú 'bhí' ar ceist 10 (a)			
(b)			
(c)			
(d)			
(e)			

C Tar Éis do Chuairte

Scar na ráitis saoil cathrach agus tabhair tacar amháin maraon leis an léaráid Venn do ghach grúpa.

Leanadh na grúpaí na treoracha seo:

(a) Ceap duine eile leis an eolas a bhreacadh síos

(b) Roinn na ráitis amach I measc an chuid eile den ghrúpa

(c) Léann gach duine a ráiteas agus socraíonn an grúpa an taech nó tithe lena bhaineann sé. Scríobhtar síos an litir sa spás ceart den léaráid.

Ráitis – Saol Cathrach

A D'oibreódh na daoine sa teach seo mar oibrithe nó, b'fhéidir, mar shníomhadóirí sna muilte.

B D'oibreódh na mná chéile agus páistí, sna muilte is dócha. D'oibreódh cuid acu mar shearbhóntaí.

C D'fheicfí an fear a chónaigh sa teach seo mar bhall den ghairmaicme. Ní oibreódh a bhean.

D Bheadh cailín aimsire ag muintir an tí seo.

E Bhí fíorbheagán airgid ag muintir an tí seo toisc na h-ísle páighe a gheobhadh siad agus caitheadh amach as a gcuid iobre iad in am an donais. Ní raibh sochar dífhostaíochta ar bith ann.

F Bhí neart le n-ithe ag muintir an tí seo.

G Coinníodh seomraí an tí seo te le teinte guail a dhéanfadh cailín aimsire freastal orthu.

H D'fholcfadh muintir an tí seo iad féin i bhfolcadán stáin os comhair na tine.

I Rinne an bhean chéile sa teach seo a cuid níocháin I dtobán stáin agus rinne iarracht é a thriomú fan tine sa chistin.

J Sa teach seo rinneadh cailín aimsire nó bean níocháin an níochán agus tháinig istaech uair sa tseachtain lena dhéanamh.

K Bhí ar na daoine seo cócaireacht thar tine oscáilte.

L Ní raibh mórán spáis ag na daoine seo bogadh thart sa teach.

M Bhí ar na daoine seo a gcuid uisce a fháil ó chaideal sa tsráid.

N Ní raibh ar na páistí sa teach seo obair a dhéanamh.

O Bhí sé ar acmhainn ag na daoine seo éadaí breátha a cheannach agus aíocht a thabhairt do chairde go minic.

P Is minic a bhuaileadh breoite na daoine seo agus ní raibh de acmhainn acu íoc as dochtúir.

Q Is minic a chailleadh na daoine seo go h-óg toisc na caighdeáin sláintíochta a bheith chomh dona.

R Chuaigh páistí an tí seo go dtí an Scoil Náisiúnta.

S D'usáid na daoine seo triomadóir iomlasctha lena gcuid éadaí a thriomú.

LÉARÁID VENN


Lána
an Tae
Sráid na
Dála
Teach Bainc
Phoirt Chluain
Eoghain